

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1120 ÓN gCOIMISIÚN**an 7 Bealtaine 2023****lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh shingil ‘APESIN Handaktiv’ i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 44(5), an chéad fhomhír de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 23 Aibreán 2019, chuir Tana-Chemie GmbH iarratas faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht') i gcomhréir le hAirteagal 43(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 agus le hAirteagal 4 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 414/2013 ón gCoimisiún ⁽²⁾ maidir le húdarú Aontais an táirge bhithicídigh shingil céanna, dá dtagraítear in Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 414/2013, ar a dtugtar 'APESIN Handaktiv', de chineál táirge 1, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Taifeadadh an t-iarratas faoi chás-uimhir BC-CF051114-66 sa Chlár do Tháirgí Bithicídeacha ('an Clár'). Sonraíodh san iarratas freisin uimhir iarratais na fine táirgí bithicídeacha tagartha gaolmhaire, mar atá 'Knieler & Team Propanol Family', arna taifeadadh sa Chlár faoi chás-uimhir BC-AQ050985-22.
- (2) Is iad própán-1-ól agus própán-2-ól na substaintí gníomhacha atá sa táirge bithicídeach singil céanna 'APESIN Handaktiv', ar substaintí iad a áirítear ar liosta an Aontais de na substaintí gníomhacha formheasta le haghaidh chineál táirge 1 dá dtagraítear in Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.
- (3) An 8 Nollaig 2021, chuir an Ghníomhaireacht tuairim ⁽³⁾ faoi bhráid an Choimisiúin mar aon leis an dréacht-achóimre ar shaintréithe na dtáirgí bithicídeacha le haghaidh 'APESIN Handaktiv' i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 414/2013.
- (4) Is é conclúid na tuairime go bhfuil na difríochtaí atá beartaithe idir an táirge bithicídeach aonair céanna agus an táirge bithicídeach tagartha gaolmhar teoranta d'fhaisnéis a d'fhéadfadh a bheith faoi réir athrú riaracháin i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾, agus bunaithe ar mheasúnú na fine táirgí bithicídeacha tagartha gaolmhaire, mar atá 'Knieler & Team Propanol Family' agus faoi réir an dréacht-achóimre ar shaintréithe na dtáirgí bithicídeacha a chomhlíonadh, go gcomhlíonann an táirge bithicídeach singil céanna na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 19(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.
- (5) An 20 Deireadh Fómhair 2022, rinne an Ghníomhaireacht an dréacht-achóimre ar shaintréithe na dtáirgí bithicídeacha a tharchur chuig an gCoimisiún i dteangacha oifigiúla uile an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 44(4) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.
- (6) Comhaontaíonn an Coimisiún le tuairim na Gníomhaireachta agus measann sé, dá bhrí sin, gurb iomchuí údarú Aontais a dheonú le haghaidh an táirge bhithicídigh shingil céanna 'APESIN Handaktiv'.
- (7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

⁽¹⁾ IO L 167, 27.6.2012, lch. 1⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 414/2013 ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2013 lena sonraítear nós imeachta maidir le húdarú na dtáirgí bithicídeacha céanna i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 125, 7.5.2013, lch. 4).⁽³⁾ Tuairim ECHA maidir le 'APESIN Handaktiv', an 8 Nollaig 2021, <https://echa.europa.eu/opinions-on-union-authorisation>⁽⁴⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013 ón gCoimisiún an 18 Aibreán 2013 maidir le hathruithe ar tháirgí bithicídeacha arna n-údarú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 109, 19.4.2013, lch. 4).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Deonaítear údarú Aontais a bhfuil an uimhir údaraithe EU-0027673-0000 aige do Tana-Chemie GmbH chun an táirge bithicídeach singil céanna 'APESIN Handaktiv' a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid i gcomhréir leis an achoimre ar shaintréithe na dtáirgí bithicídeacha a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Tá údarú an Aontais bailí ón 28 Meitheamh 2023 go dtí an 31 Iúil 2032.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 7 Bealtaine 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Achoimre ar shaintréithe an táirge le haghaidh táirge bithicéideach

APESIN Handaktiv

Cineál táirge 1 — Sláinteachas an duine (Dífhabhtáin)

Uimhir an údaraithe: EU-0027673-0000

Uimhir sócmhainne R4BP: EU-0027673-0000

1. FAISNÉIS RIARACHÁIN**1.1. Trádainm (nó trádainmneacha) an táirge**

Trádainm (nó trádainmneacha)	APESIN Handaktiv APESIN handactive F APESIN Handaktiv F
------------------------------	---

1.2. Sealbhóir an údaraithe

Ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe	Ainm	tana-Chemie GmbH
	Seoladh	Rheinallee 96, 55120 Mainz An Ghearmáin
Uimhir an údaraithe	EU-0027673-0000	
Uimhir sócmhainne R4BP	EU-0027673-0000	
Dáta an údaraithe	28.6.2023	
Dáta éaga an údaraithe	31.7.2032	

1.3. Déantóir (nó déantóirí) an táirge

Ainm an déantóra	tana-Chemie GmbH
Seoladh an déantóra	Rheinallee 96, 55120 Mainz An Ghearmáin
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Werner & Mertz GmbH & Co KG, Neualmerstr. 13, 5400 Hallein An Ostair Werner & Mertz GmbH, Rheinallee 96, 55120 Mainz An Ghearmáin

1.4. Déantóir (nó déantóirí) na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha

Substaint ghníomhach	Propan-1-ol
Ainm an déantóra	OQ Chemicals GmbH (formerly Oxea GmbH)
Seoladh an déantóra	Rheinpromenade 4a, 40789 Monheim am Rhein An Ghearmáin
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	OQ Chemicals Corporation (formerly Oxea Corporation), 2001 FM 3057 TX, 77414 Bay City Stáit Aontaithe Mheiriceá

Substaint ghníomhach	Propan-1-ol
Ainm an déantóra	BASF SE
Seoladh an déantóra	Carl-Bosch-Str. 38, 67056 Ludwigshafen An Ghearmáin
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	BASF SE, Carl-Bosch-Str. 38, 67056 Ludwigshafen An Ghearmáin

Substaint ghníomhach	Propan-1-ol
Ainm an déantóra	SASOL Chemie GmbH & Co. KG
Seoladh an déantóra	Secunda Chemical Operations, Sasol Place, 50 Katherine Street, 2090 Sandton An Afraic Theas
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Secunda Chemical Operations, PDP Kruger Street, 2302 Secunda An Afraic Theas

Substaint ghníomhach	Propan-2-ol
Ainm an déantóra	INEOS Solvent Germany GmbH
Seoladh an déantóra	Römerstrasse 733, 47443 Moers An Ghearmáin
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	INEOS Solvent Germany GmbH, Römerstrasse 733, 47443 Moers An Ghearmáin INEOS Solvent Germany GmbH, Shamrockstrasse 88, 44623 Herne An Ghearmáin

2. COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TÁIRGE

2.1. Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an táirge

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Propan-1-ol		Substaint Ghníomhach	71-23-8	200-746-9	30,0
Propan-2-ol		Substaint Ghníomhach	67-63-0	200-661-7	45,0

2.2. Cineál foirmlithe

AL — Aon leacht eile

3. RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM

Ráitis ghuaise	Leacht agus gal inlasta. Ina chúis le damáiste tromchúiseach don tsúil. D'fhéadfadh a bheith ina chúis le codlatacht nó meadhrán. D'fhéadfadh ilnochtadh a bheith ina chúis le tirimeacht chraicinn nó le scoilteadh craicinn.
Ráitis réamhchúraim	Coimeád amach ó theas, dromchlaí te, spréacha, lasracha oscailte agus foinsí adhainte eile. — Cosc ar thobac. Coinnigh an coimeádán dúnta go docht. Seachain anáilú gala.

	<p>Ná húsáid ach taobh amuigh nó i limistéar dea-aeráilte.</p> <p>MÁ IONANÁLAÍTEAR: Tabhair an duine amach faoin aer úr agus cinntigh go bhfuil an duine in ann anáil go compordach.</p> <p>MÁ DHÉANTAR TEAGMHÁIL LE SÚILE: Sruthlaigh go cúramach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú.</p> <p>Glaigh láithreach ar LÁRIONAD NIMHIÚCHAIN nó dochtúir/lia.</p> <p>Stóráil in áit atá aeráilte go maith. Coinnigh fionnuar.</p> <p>Stóráil faoi ghlas.</p> <p>Diúscair coimeádán chuig pointe bailithe dramhaíola údaráithe.</p>
--	---

4. ÚSÁID (nó ÚSÁIDÍ) ÚDARAITHE

4.1. Tuairisc úsáide

Tábla 1

Úsáid # 1 — leacht glóthach sláinteachais

An cineál táirge	PT01 - Sláinteachas an duine (Dífhabhtáin)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaráithe	neamhbhainteach.
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	<p>Ainm eolaíoch: Níl aon sonraí ar fáil</p> <p>Gnáthainm: Baictéir</p> <p>Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil</p> <p>Ainm eolaíoch: Níl aon sonraí ar fáil</p> <p>Gnáthainm: Mycobacteria</p> <p>Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil</p> <p>Ainm eolaíoch: Níl aon sonraí ar fáil</p> <p>Gnáthainm: Giostaí</p> <p>Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil</p> <p>Ainm eolaíoch: Níl aon sonraí ar fáil</p> <p>Gnáthainm: Víris imchlúdaithe</p> <p>Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil</p>
Réimse (nó réimsí) úsáide	<p>Faoi dhíon</p> <ul style="list-style-type: none"> — ospidéal agus institiúidí cúraim sláinte eile amhail otharcharranna, lialanna, tithe altranais (lena n-áirítear cúram baile na n-othar) — ceaintíní ospidéal, cistiní móra, tionscail chógaisíochta, láithreáin táirgeachta agus saotharlanna: leacht láimhe sláinteachais ar lámha ar léir iad a bheith glan agus tirim. — le haghaidh úsáid ghairmiúil amháin.
Modh (nó modhanna) úsáide	<p>Airí modha: Feidhmiú de lámh</p> <p>Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: cuimilt</p>
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	<p>Airí úsáide: Dáileog: 3 ml ar a laghad (bain úsáid as dáileoirí: mar shampla socraithe go 1,5 ml in aghaidh an bhuille, 2 bhuille in aghaidh 3 ml) Am teagmhála: 30 soic.</p> <p>Airí caolaithe: Réidh le táirge a úsáid</p> <p>Airí uainithe:</p> <p>Níl aon srian ar líon agus uainiú na bhforchur. Ní gá aon eatraimh sábháilteachta a mheas idir na céimeanna forchuir.</p> <p>Féadfar an táirge a úsáid am ar bith agus chomh minic agus is gá.</p>

Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Tionsclaíoch Gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	100, 125, 500, 1 000 ml i mbuidéil thrédhearcacha/bhána poileitiléin ardlúis (HDPE) le caipíní smeacha polapróipiléin (PP); Ceanastar trédhearcach/bán HDPE 5 000 ml le scriúchaidhp HDPE. 500 agus 1 000 ml i mbuidéal éadrom trédhearcach HDPE le caidéal comhtháite PP.

4.1.1. Treoracha úsáidsonracha úsáide

Is féidir na táirgí a chur i bhfeidhm go díreach nó is féidir na táirgí a úsáid i ndáileoir nó le caidéal.

Le haghaidh leacht lámh sláinteachais bain úsáid as 3 ml den táirge agus coinneigh na lámha fliuch ar feadh 30 soicind.

Ná hathlón.

4.1.2. Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca

Féach treoracha ginearálta maidir a úsáid.

4.1.3. I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

Féach treoracha ginearálta maidir a úsáid.

4.1.4. I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte

Féach treoracha ginearálta maidir a úsáid.

4.1.5. I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála

Féach treoracha ginearálta maidir a úsáid.

4.2. Tuairisc úsáide

Tábla 2

Úsáid # 2 — leacht lámhe máinliachta

An cineál táirge	PT01 — Sláinteachas an duine (Dífhabhtáin)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	neamhbhainteach.
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: Níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: Níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Mycobacteria Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: Níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: Níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Víris imchlúdaithe Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil

Réimse (nó réimsí) úsáide	Faoi dhíon — Is féidir an táirge a úsáid mar leacht láimhe máinliachta in ospidéal agus in institiúidí cúraim sláinte eile: leacht láimhe máinliachta ar lámha agus ar rítheacha ar léir iad a bheith glan agus tirim. — Le haghaidh úsáid ghairmiúil amháin.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Feidhmiú de lámh Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: cuimilt
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Airí úsáide: Dáileog: Cuimil méid leordhóthanach i gcodanna de 3 ml (bain úsáid as dáileoirí: mar shampla socraithe go 1,5 ml in aghaidh an bhuille, 2 bhuille in aghaidh 3 ml). Am teagmhála: 90 soic. Airí caolaithe: Réidh le táirge a úsáid Airí uainithe: Níl aon srian ar líon agus uainiú na bhforchur. Ní gá aon eatraimh sábháilteachta a mheas idir na céimeanna forchuir. Féadfar an táirge a úsáid am ar bith agus chomh minic agus is gá.
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	100, 125, 500, 1 000 ml i mbuidéil thrédhearcacha/bhána poileitiléin ardlúis (HDPE) le caipíní smeacha polapróipiléin (PP); Ceanastar trédhearcach/bán HDPE 5 000 ml le scríúchaidhp HDPE. 500 agus 1 000 ml i mbuidéal éadrom trédhearcach HDPE le caidéal comhtháite PP.

4.2.1. Treoracha úsáidsonracha úsáide

Is féidir na táirgí a chur i bhfeidhm go díreach nó is féidir na táirgí a úsáid i ndáileoir nó le caidéal.

Le haghaidh leacht láimhe máinliachta bain úsáid as 3 ml den táirge, a oiread acu agus is gá chun na lámha a choinneáil fliuch ar feadh 90 soicind.

Ná athlón.

4.2.2. Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca

Féach treoracha ginearálta maidir a úsáid.

4.2.3. I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

Féach treoracha ginearálta maidir a úsáid.

4.2.4. I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte

Féach treoracha ginearálta maidir a úsáid.

4.2.5. I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála

Féach treoracha ginearálta maidir a úsáid.

5. TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE ⁽¹⁾

5.1. Treoracha úsáide

Le haghaidh úsáid ghairmiúil amháin.

⁽¹⁾ Tá treoracha úsáide, bearta maolaithe riosca agus treoracha eile faoin roinn seo bailí le haghaidh aon úsáidí údaráithe.

5.2. Beartha maolaithe riosca

Coinnigh as rochtain leanaí.

Seachain teagmháil leis na súile.

5.3. Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

Beartha garchabhrach ginearálta: Bog an duine atá buailte amach ón limistéar éillithe. Aimsigh comhairle/aire leighis má bhraitheann tú tinn. Taispeáin an bhileog seo más féidir.

MÁ IONANÁLAÍTEAR É: Bog go haer úr agus fan ar do shuaimhneas i riocht compordach le haghaidh anáilithe. Cuir gloach ar LÁRIONAD NIMHIÚCHAIN nó ar dhochtúir.

MÁ BHAINNEANN SÉ LEIS AN gCRAICEANN: Nigh an craiceann láithreach le neart uisce. Ina dhiaidh sin bain díot na héadaí éillithe ar fad agus nigh iad sula n-athúsáidtear iad. Lean ort ag níochnán an chraicinn le huisce ar feadh 15 nóiméad. Cuir gloach ar LÁRIONAD NIMHIÚCHAIN nó ar dhochtúir.

MÁ BHÍONN SÉ SNA SÚILE: Sruthlaigh láithreach le huisce ar feadh cúpla nóiméad. Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad ann agus furasta a dhéanamh.

Lean ar aghaidh á sruthlú ar feadh 15 nóiméad ar a laghad. Glaoigh ar 112/otharcharr chun cúnamh míochaine a fháil.

Faisnéis do Phearsanra Cúraim Sláinte/dochtúir: Ba chóir na súile a shruthlú arís agus arís eile ar an mbealach chuig an dochtúir má tá nochtadh súl ann do cheimiceáin alcaileacha (pH > 11), aimíní agus aigéid cosúil le haigéad aicéiteach, aigéad formach nó aigéad próipianach.

MÁ SHLOGTAR É: Sruthlaigh amach an béal láithreach. Tabhair rud éigin le hól don duine, má tá an duine a bhí nochtá dó in ann slogadh. NÁ spreag aiseag. Glaoigh ar 112/otharcharr chun cúnamh míochaine a fháil.

Beartha scaoilte de thaisme:

Stop an sceitheadh má tá sé sábháilte déanamh amhlaidh. Bain amach foinsí adhainte. Bain úsáid as cúram speisialta chun luchtanna leictreacha statacha a sheachaint. Ní cheadaítear lasracha oscailte. Ná caitear tobac.

Cosc ar iontráil chuig séaraigh agus uiscí poiblí.

Cuimil le hábhar ionsúiteach (éadach mar shampla). Maothaigh doirteadh le solaid támhacha, amhail cré nó cré dhiatómúil a luaithe is féidir. Tóg suas go meicniúil (scuabadh, sluaisteáil). Déan é a dhiúscairt de réir na rialachán áitiúil ábhartha.

5.4. Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte

Caithfear diúscairt a dhéanamh de réir na rialachán oifigiúil. Ná folmhaigh isteach i ndraenacha. Ná faigh réidh le dramhaíl tí. Déan an t-ábhar/an coimeádán a dhiúscairt ag pointe bailithe dramhaíola údaraithe. Folmhaigh an phacáistíocht go hiomlán sula ndéantar í a dhiúscairt. Nuair a bhíonn siad folamh go hiomlán, bíonn coimeádáin in-athchúrsáilte cosúil le haon phacáistíocht eile.

5.5. Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála

Seilfré 24 mí

Déan iad a stóráil i limistéar atá tirim, fionnuar, dea-aeráilte. Coinnigh an coimeádán dúnta go docht. Coinnigh amach as solas díreach.

Teocht stórála molta: 0-30 °C

Ná stóráil ag teochtaí faoi bhun 0 °C

Ná stóráil in aice le bia, deoch ná ábhar beatha ainmhithe. Coinnigh ar shiúl ó ábhar indóite.

6. FAISNÉIS EILE